CINNEADH (AE) 2023/716 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Márta 2023

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Portaingéile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Luís Miguel DA SILVA MENDONÇA ALVES a cheapadh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Pedro Miguel CÉSAR RIBEIRO mar chomhalta de Choiste na Réigiún.

(5) Mhol rialtas na Portaingéile Pedro Miguel CÉSAR RIBEIRO, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Presidente da Câmara Municipal de Almeirim* (Méara Almeirim), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol Rialtas na Portaingéile Cristina DE FÁTIMA SILVA CALISTO, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Presidente Câmara Municipal da Lagoa* (Méara Lagoa), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Pedro Miguel CÉSAR RIBEIRO, *Presidente da Câmara Municipal de Almeirim* (Méara Almeirim),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2).

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Cristina DE FÁTIMA SILVA CALISTO, *Presidente da Câmara Municipal da Lagoa* (Méara Lagoa).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 28 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. BUSCH